# Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge

PLEAN STRAITÉISEACH
2026-2030



Comhairle Cathrach
& Contae Phort Láirge
Waterford
City & County Council

waterford **cultural quarter**
INITIATIVE

WCQ

# INDEX


Réamhfhocal ........ 3
Éachtaí a baineadh ........ 4
Luachanna ........ 5
Fís agus Misean ........ 7
Cuspóir 1 ........ 8
Cuspóir 2 ........ 13
Cuspóir 3 ........ 16
Cuspóir 4 ........ 19
Aguisín ........ 21





OFF THE HOOK
OMINOUS_OMIN

# RÉAMHFHOCAL



Is é an cultúr an rud a nascann gach gné de chathair: cruthaíonn sé féiniúlacht, cuireann sé beocht sa saol poiblí, agus déanann sé áiteanna de spásanna. Léiríonn Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge an tslí is féidir leas a bhaint as oidhreacht, cruthaitheacht agus cleachtas na n-ealaíon comhaimseartha chun athnuachan uirbeach uilechuimsitheach a bhrú chun cinn. Cé go bhfuil an Ceathrú Cultúrtha fréamhaithe i stair agus oidhreacht uathúil na cathrach, tá uaillmhian réamhbhreathnaitheach i gceist leis; ní phléann an Cheathrú Cultúrtha leis an gcultúr mar rud breise, ach mar bhonneagar riachtanach a thacaíonn le beogacht eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus mórtas saoránaigh. Tabharfaidh ár n-institiúidí cúltúrtha, ina measc Dánlann Ealaíne Phort Láirge, Garter Lane Arts Centre agus tionscadail nua atá á bhforbairt anois, tabharfaidh siad tacaíocht dár bpobal bheith faoi bhláth.

Aithnítear cultúr sa straitéis seo mar chatalaíoch agus mar rud chun leas an phobail. Tugtar tacaíocht sa straitéis don nuáil agus do dheiseanna do chruthaitheoirí, ealaíontóirí agus daoine ar spéis leo teacht ar bhealaí nua chun féachaint ar rudaí. Leagtar amach creat chun fás a bhfuil cuspóir aige a chothú – iontaofacht a chosaint, triail agus tástáil a chumasú, agus a chinntiú go ndéantar na buntáistí a thagann le comhfhorbairt áite a roinnt go forleathan. Agus é sin á dhéanamh aici, déanann an straitéis samhail de Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge d'athghiniúint atá bunaithe ar chultúr agus a bhfuil tionchar fadtéarmach aici.

**Méara Meitreapholaiteach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge An Comhairleoir Séamus Ryan**



Is príomhchuspóir dár bPlean Corparáideach é feabhas a chur ar Phort Láirge mar an Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann – mar áit uaillmhianach, bhríomhar agus fhorásach, ina gcothaítear cultúr, cruthaitheacht, folláine, comhfhorbairt áite agus muintearas láidir.

Is tionscnamh tábhachtach é Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge (CCPL) chun tacú leis an uaillmhian atá againn, chun sócmhainní cultúrtha agus táirgeadh cruthaitheach a chur i ngníomh, agus chun rannpháirtíocht laethúil a chur chun cinn, chun creat nua a thabhairt don taithí a bhíonn ag daoine ar an gcathair. Tugann sé tús áite do shráideanna bríomhara, spásanna inoiriúnaithe agus clár bliantúil gníomhaíochtaí a thugann cuireadh do chónaitheoirí agus do chuairteoirí am a chaitheamh sa cheathrú, teagmháil a dhéanamh lena chéile agus rannchuidiú leis an gceathrú cultúrtha. Trí úsáidí cultúrtha a chomhchruinniú agus comhoibriú idir institiúidí, ealaíontóirí, gnólachtaí agus pobail a chothú, neartaíonn an Cheathrú feidhm Phort Láirge mar chathair chultúrtha atá bríomhar agus ag éirí léi.

De réir mar a thagann fás agus athrú ar Phort Láirge, bainfidh CCPL leas as deiseanna, mar shampla forbairt a dhéanamh ar na Céanna ó Thuaidh agus an droichead nasctha atá ann, síneadh a chur le Rian Glas na nDéise, agus leas a bhaint as na buntáistí atá ag an éagsúlacht chultúrtha. Ach cuairteoirí agus daoine áitiúla araon a thabhairt chuig cleachtais chruthaitheacha nua agus eispéiris chultúrtha nuálacha, feabhsófar an cháil atá ar Phort Láirge mar mhol don sármhaitheas sna healaíona. Tabharfar tacaíocht do gheilleagar cruthaitheach Phort Láirge trí úsáid a bhaint as CCPL mar mhol d'fhorbairt scileanna agus nuálaíochta, agus cinnteofar go gcuirfear le hoidhreacht cheantar Shráid Uí Chonaill ag an am céanna trí athghiniúint thuisceanach, scéalaíocht láidir agus rannpháirteachas gníomhach le pobail áitiúla agus cleachtóirí cultúrtha. **Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge - Sean McKeown**



# ÉACHTAÍ A BAINEADH AMACH SA TRÉIMHSE
2021-2025:

- Faoi Ghlao 2 de Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach an Rialtais, leithdháileadh €27.66m ar shraith tionscadal maidir leis an ríocht phoiblí agus athghiniúint i gcroílár stairiúil Lár Chathair Phort Láirge, lena n-áirítear CCPL; agus an chathair á hathshamhlú mar thimpeallacht tharraingteach a mbíonn daoine ag iarraidh bheith ina gcónaí, ag obair agus ag spraoi ann. Tá Plás CCPL; Mol Pobail agus Cultúrtha curtha i gcrích, tá roinnt tionscadal eile ag luathchéimeanna pleanála, ina measc athchóiriú ar 3 & 4 Sráid Sheoirse Mhór, 25 /26 Sráid Uí Chonaill, iar-fhoirgnimh an nuachtáin Munster Express ar Shráid Hanover agus 7 Sráid San Tomás. Tá cuspóir faoi leith beartaithe le haghaidh gach ceann de na foirgnimh sin, lena n-áirítear Páirc Bheag ar Shráid San Tomás, chomh maith le Teach Ealaíne agus Mol do Dhéantóirí.

- **Osclaíodh Plás CCPL; Mol Pobail agus Cultúrtha** in 2023 agus tá Waterford Integration Services (WIS), eagraíocht neamhrialtasach daonnúil, lonnaithe ann. Tá úsáid bainte as an mol mar ionad d'fhéilte, mar spás taibhléirithe do bhannaí ceoil comhdhéanta de dhaoine óga, mar ionad d'ócáidí de chuid Líonra na bPobal Nua i bPort Láirge, agus le haghaidh raon leathan cuspóirí atá bunaithe ar an bpobal.
- Bunaíodh **Margadh Ceardaíochta CCPL** in 2022 agus é deartha ar bhonn comhoibríoch ag páirtithe leasmhara éagsúla, ina measc Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (WWETB) agus ceardaithe. Reáchtáiltear an margadh gach deireadh seachtaine ó mhí na Bealtaine go dtí mí Mheán Fómhair. Díoltar earraí ceardaíochta éagsúla a dhéantar go háitiúil ann, ag stainníní dea-mhaisithe le brandaí éagsúla. Forbraíonn trádálaithe scileanna fiontraíochta, tacaíonn siad leis an bpobal áitiúil cruthaitheach agus mealltar daoine áitiúla agus cuairteoirí. Bíonn an Margadh



# HIGHLIGHT ACHIEVEMENTS

2021-2025:

Ceardaíochta ar siúl i rith na féile Winterval freisin, agus cuireann sé bronntanais uathúla a dhéantar i bPort Láirge ar fáil do chuairteoirí agus ceannaitheoirí nua ar fáil do na díoltóirí.

- Déantar sráid do choisithe amháin ar feadh Shráid Uí Chonaill gach deireadh seachtaine, ó Chnoc San Tomás go dtí Lána an tSáirsint, ionas gur féidir le custaiméirí na ngnólachtaí fáilteachais úsáid a bhaint as an spás. Cuireann ceol, bia agus fáilte chroíúil deis ar fáil do dhaoine leas a bhaint as eispéireas bríomhar siamsaíochta sa Cheathrú Cultúrtha, le tacaíocht ón ngrúpa Buailimis le Chéile ag Sráid Uí Chonaill atá comhdhéanta de sholáthróirí fáilteachais áitiúla.

- Tacaíonn Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge le clár na bhféilte atá lonnaithe sa chathair, ina measc deireadh seachtaine Lá Fhéile Pádraig i mí an Mhárta, Lá na hAfraice, Bród na nDéise, An Samhradh sa Chathair, Spraoi: Féile Idirnáisiúnta Ealaíon Sráide, Féile an Fhómhair agus Winterval i mí na Samhna agus i mí na Nollag, chomh maith le hOíche Chultúrtha, an Maratón Lochlannach, Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge, Imagine agus Ballaí Phort Láirge. Is cuid ollmhór den gheilleagar cruthaitheach i bPort Láirge iad féilte. Tacaíonn siad le healaíontóirí, oirfidigh, dearthóirí agus léiritheoirí agus spreagann siad iarrachtaí ollmhóra ó phobail agus oibrithe deonacha gach bliain.

- Bíonn taispeántais den scoth le fáil ag Dánlann Ealaíne Phort Láirge, 31 Sráid Uí Chonaill, ina measc saothar le healaíontóirí a bhfuil cáil áitiúil agus náisiúnta orthu. Cuirtear saothair luachmhara as Bailiúchán Ealaíne Phort Láirge, a bhfuil an-tóir orthu, ar taispeáint freisin. Tugtar tacaíocht do raon leathan gníomhaíochtaí for-rochtana, amharclannaíochta, damhsa, scannán agus amharc-ealaíona in **Garter Lane Arts Centre agus Garter Lane Studios**, agus cuirtear deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn tréimhse a chaitheamh mar ealaíontóirí cónaithe ann.

- Feidhmíonn Sráid an Droichid mar chonaire ón tuaisceart isteach go dtí cathair Phort Láirge agus freastalaíonn sí ar líon ard comaitéirí gach lá. Coimisiúnaíodh Tionscadal na mBallaí chun sraith múrphictiúr a chruthú ar feadh na sráide, le tacaíocht ó CCPL, agus iad cruthaithe i gcomhar le cónaitheoirí nuair ba chuí.

# LUACHANNA:



**COMHOIBRIÚ**
**COTHROMAS**
**ÉAGSÚLACHT**
**CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁLAÍOCHT**
**UILECHUIMSITHEACHT**
**INBHUANAITHEACHT**





# FÍS AGUS MISEAN CHEATHRÚ CULTÚRTHA PHORT LÁIRGE

Is é fís Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge (CCPL) “Nuálaíocht agus fás uilechuimsitheach, inbhuanaithe a sholáthar i gcomhair earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha oirdheisceart na hÉireann; a bheith ina háit shainiúil, tharraingteach do chroílár Phort Láirge, áit atá oscailte, spreagúil agus a chuireann go hollmhór le geilleagar cruthaitheach, eolais agus cuairteora na cathrach.”

Is é misean Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge “bheith ina phobal bríomhar, cruthaitheach, sábháilte agus inbhuanaithe a thacaíonn leis an bpobal, le healaíontóirí agus le gnólachtaí cruthaitheacha. Is ceann scríbe cultúrtha é a thaispeánann an chuid is fearr d’oirdheisceart na hÉireann agus a dhéanann gníomhartha ar son na neodrachta carbóin”



# CUSPÓIR 1:

## TACÚ LE HÁITEANNA AGUS SPÁSANNA DEA-BHAINISTITHE (DON CHLEACHTAS CRUTHAITHEACH)

Is tionscnamh athghiniúna uirbí é Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge, go príomha, lena gcuirtear foirgnimh agus spásanna tearc-úsáide in úsáid arís, chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus chun tacú le bealaí inbhuanaithe le maireachtáil. Sa chomhthéacs seo, tá sé beartaithe againn úsáid a bhaint as ár n-oidhreacht thógtha agus as an dreach cathrach mar chúlra chun samhlaíocht, cleachtas agus cruthú na n-ealaíon, fiosrú cruthaitheach, cur i láthair an chultúrtha agus oideachas cultúrtha a chothú. Is é an aidhm atá ag an bPlean Straitéiseach seo áiteanna agus spásanna tarraingteacha a chruthú, comharsanacht chruthaitheach ina mbeidh daoine ag iarraidh bheith ina gcónaí, ag obair agus ag spraoi.

# GNÍOMHARTHA:

- DSraith foirgneamh dea-nasctha agus pleanáilte go cúramach a spreagann cruthaitheacht, cur i láthair an chultúir, forbairt pobail agus a áiríonn spásanna solúbtha agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha, e.g. timpeallachtaí digiteacha/fíorúla.

- Breithniú a dhéanamh ar spás neamhfhoirmiúil dánlainne/taispeántais ar Shráid Uí Chonaill a úsáid chun aschur cruthaitheach na Ceathrún a thaispeáint.

- Scéimeanna cónaitheacha agus cóiríochta d'ealaíontóirí agus do bhaill foirne gnólachtaí nuathionscanta/gnólachtaí beaga ardluacha a fhiosrú agus tús a chur leo, chun gníomhú in aghaidh an tionchar féideartha a bheadh ag uaisliú sa cheantar.

- Labhairt amach ar son feabhsúchán ar an ríocht phoiblí a mholadh, lena n-áirítear;

- Tuilleadh áiteanna do choisithe amháin, le tacaíocht ó anailís ar thrácht, lena n-áirítear tacú le córas tráchta aontreo ar Lána Theach an Tionóil / Lána an tSáirsint d'fhonn tús áite a thabhairt d'idirghníomhú sóisialta.
- Uasghrádú ar shoilse poiblí ar fud limistéar CCPL.

- Spásanna comhroinnte i gcomhair coisithe, rothair agus gluaisteáin, a thacóidh le gach úsáideoir sráide.

- Spás glas a úsáid ar bhealach a thacaíonn leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht ar mhaithe le folláine a chur chun cinn, spásanna i gcomhair spraoi cruthaitheach, go háirithe do leanaí, agus spásanna neamhfhoirmiúla don phobal bunaithe ar choincheap na 'Cathrach Oscailte' agus Ethics for the City le Richard Sennett

- Leanúint de bheocht a chur sa cheantar trí cur i láthair na n-ealaíon a spreagadh, tacú le hoidhreacht chultúrtha agus conairí ealaíne, agus dul i mbun gníomhaíochta féilte agus margaí.

- Úsáid a bhaint as CCPL mar spás nasctha do rothaithe a nascann an chathair le Rian Glas na nDéise a chur chun cinn, agus úsáid a bhaint as CCPL mar áit a thacaíonn le soghluaisteacht inbhuanaithe, mar shampla siúl.

- Sármhaitheas i rialachas agus bainistiú shócmhainní CCPL a chur chun cinn, chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú don fhorbairt uirbeach seo.

- A chinntiú go gcuirtear cuir chuige inbhuanaithe san áireamh sna tionscadail tógála agus gníomhaíochtaí féile go léir, agus go mbreithneoidh CCPL cuir chuige inbhuanaithe i gcomhréir le Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Phort Láirge faoin gComhaontú Glas agus le Rannóg Aeráide Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.



# FO-GHNÍOMHARTHA: ATHCHÓIRIÚ

- 3 & 4 Sráid Sheoirse Mhór – tacú le hathchóiriú chun cóiríocht oifige ardcháilíochta a sholáthar ann, ach oidhreacht thábhachtach an fhoirgnimh a choimeád ag an am céanna.

- 25 / 26 Sráid Uí Chonaill – tacú le hathchóiriú chun spás a fhorbairt i gcomhair léiriúchán cruthaitheach agus forbairt scileanna feabhsaithe, chomh maith le deiseanna do gheilleagar cuairteoirí Phort Láirge.

- Sráid Hanover (iar-fhoirgnimh an nuachtáin Munster Express) – tacú le hathchóiriú chun spás a fhorbairt don nuálaíocht.

- Sráid San Tomás – Teach Ealaíne agus Páirc Bheag; tacú le hathchóiriú chun spás a fhorbairt i gcomhair léiriúchán na n-ealaíon i suíomh pobail.

- Plás CCPL; Mol Pobail agus Cultúrtha – leanúint den fhorbairt ina áit d'éagsúlacht, uilechuimsitheacht agus cur i láthair cruthaitheach a thacaíonn leis an ngeilleagar deiridh seachtaine agus oíche.

- D'fhéadfadh deiseanna eile do thionscadail chaipitil teacht chun cinn le linn shaolré an Phlean Straitéisigh seo. Déanfaimid gach iarracht cultúr agus cruthaitheacht a thabhairt isteach mar ghnéithe lárnacha d'fhorbairtí tógála i CCPL, nó beidh sé mar aidhm againn gnéithe den chruthaitheacht a thabhairt isteach i ngach forbairt.



# AN RÍOCHT PHOIBLÍ

- Crios gníomhachtaithe CCPL a shíneadh chuig "bloic" eile, ag díriú ar Shráid Hanover, Sráid Uí Chonaill, Cnoc San Tomás agus Sráid San Tomás go dtí na Céanna
- Margadh CCPL: féachaint le lorg an mhargaidh a leathnú amach agus breithniú a dhéanamh ar ionad i gcomhair margadh feirmeoirí, agus leanúint de bhonneagar dea-bhainistithe a choinneáil ar bun chun tacú leis na trádálaithe.
- Tionscnaimh bheochana uirbeacha a thosú agus a choinneáil ar bun, agus úsáid á baint as bonneagar poiblí, lena n-áirítear tionscadail cur i gcás "Cathair na Soilse", sreanga lasnairde agus suíocháin amuigh faoin aer.
- Oibriú le Rannóg na Forbartha Eacnamaíche i gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL) chun anailís ar thrácht agus líon na gcustaiméirí a fháil chun tacú le tionscnaimh um an ríocht phoiblí.
- Méadú a chur ar an líon conairí siúil digiteacha agus ar an láthair i CCPL a mhéadú, ina measc Conair Chumann na gCarad, conair scannán staire sóisialta agus conair na múrphictiúr, agus deis conairí nua a chruthú.
- Timpeallacht fháiltiúil do rothaithe a chruthú, agus úsáid á baint as Rian Glas na nDéise, le Sráid Uí Chonaill ina díol spéise, chomh maith le bheith ina bealach chuig lár na cathrach.
- Spásanna glasa a shainaithint agus a fhorbairt le súil agus Sráid Uí Chonaill agus Sráid Hanover a fhorbairt mar chonairí glasa agus mar ghairdíní uirbeacha.







# RIALACHAS

- Tá struchtúr rialachais láidir ag teastáil chun inbhuanaitheacht an tionscnaimh, an Cheathrú Cultúrtha, a chinntiú. Tá gá le samhail maoinithe shoiléir don struchtúr seo, chomh maith le leithdháileadh ball foirne agus acmhainní eile a thacóidh le forbairt agus athghiniúint fhadtéarmach ar limistéar Shráid Uí Chonaill.

- Tá sé beartaithe imscrúdú a dhéanamh ar shamhlacha rialachais don tionscadal foriomlán agus i gcomhair gach tionscadal tógála athchóirithe, agus tá samhail rialachais foriomlán i gcomhair CCPL le forbairt de réir mar is gá.

- Beidh tionscadail CCPL ag teacht le beartas Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i réimsí amhail RGCS, cosaint leanaí agus gníomhartha aeráide, agus tacóidh siad le forbairt chothromaithe i Lár Chathair Phort Láirge.

- Tacú le forbairt na fiontraíochta sóisialta agus í a spreagadh, mar shamhail sármhaitheasa a dhéanann soláthar don chomharsanacht le gnólachtaí cruthaitheacha agus neamh-chruthaitheacha.



# CUSPÓIR 2:

# MUINTEARAS LÁIDIR A CHOTHÚ LENÁR BPOBAL.

Is iad na daoine croílár Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge. Déanaimid sláinte agus folláine, uilechuimsitheacht agus cothromas a chur chun cinn. Déanaimid gach iarracht oibriú le pobail áitiúla chun úinéireacht chomhchoiteann agus bród as an gcomharsanacht a chur chun cinn. Cuirimid fáilte roimh an éagsúlacht i bpobail, ó thaobh áiteanna, féiniúlachtaí agus ábhair spéise de, agus tacaímid le misean Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach, is é sin Port Láirge níos fearr fós a chruthú.






# GNÍOMHARTHA:


- Leanúint ar aghaidh ag cur comhoibriú i gcroílár an tionscnaimh CCPL; leis na pobail atá ina gcónaí, agus a bhíonn ag obair agus ag spraoi go háitiúil, leis an earnáil chruthaitheach, le soláthróirí oideachais, le heagraíochtaí pobail, leis an bpobal gnó agus le comhlachtaí poiblí.

- Iarracht ghníomhach a dhéanamh leas a bhaint as deiseanna a thacaíonn le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh seo, lena n-áirítear féilte agus imeachtaí, tionscnaimh ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó ar leibhéal a AE, eagraíochtaí agus sruthanna maoinithe.

- Oibriú go comhoibríoch laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun ár bpobal CCPL a fheabhsú; e.g. tionscnaimh um chomhfhorbairt áite le rannóga na Comhairle, lena n-áirítear Forbairt Eacnamaíoch, Pleanáil, Pobal agus Cultúr; tacú le sláinte agus folláine trí Phort Láirge Sláintiúil, agus caipiteal sóisialta a ghnóthú in éineacht le Port Láirge Ildánach; agus oibriú ar phleananna i gcomhair lár na cathrach agus na Céanna ó Thuaidh ag an am céanna.

- Leanúint de chaidrimh láidre a chothú laistigh d’Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus tacú le Port Láirge a fhorbairt mar Chathair Foghlama UNESCO.

- Deiseanna a lorg chun tacú le pobail nua agus pobail leasmhara d’fhonn a gcultúr a cheiliúradh, agus an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht inár gcomharsanacht a chur chun cinn.



- Scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí pobail i CCPL, agus oibriú leo, lena n-áirítear Waterford Integration Services, Ionad Oibrithe Deonacha Phort Láirge, Líonra Forbartha na bhFear, Buíon Phort Láirge agus cinn eile.

- Deiseanna a chothú chun tacú le gníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear leanúint d'obair Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe CCPL, coincheap na gCaiféanna Deisiúcháin a spreagadh, comhoibriú le Rannóga Innealtóireachta agus Ailtireachta SETU ar thionscadail Mháistrí agus fochéime, agus tacú le Straitéis CCCPL maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, de réir mar is cuí.

# CUSPÓIR 3:

## CEANN SCRÍBE DEN SCOTH A CHRUTHÚ DO DHAOINE ÁITIÚLA AGUS DO CHUAIRTEOIRÍ I GCATHAIR PHORT LÁIRGE

Tá Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge ag cur le traidisiún de thuile agus trá, teacht agus imeacht. Ós rud é go bhfuil sí gar don abhainn agus don chalafort agus ina ceann scríbe trádála, cruthaíodh nós tráchtála, nuálaíochta, cruthaitheachta agus nuachta, do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí. Tá sé mar aidhm againn tacú leis an ngeilleagar áitiúil agus le geilleagar na gcuairteoirí sa chathair trí eispéiris den scoth a chur ar fáil do na daoine a roghnaíonn am a chaitheamh i limistéar Shráid Uí Chonaill. Tá sé mar aidhm againn ár n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chur ar taispeáint, cláir chruthaitheacha ardcháilíochta a sholáthar, tacú le healaíontóirí agus ceardaithe áitiúla, agus le héiceachóras na bhféilte áitiúla.



# GNÍOMHARTHA:

- Comhoibriú le cláir sna crainn taca cultúrtha, Dánlann Ealaíne Phort Láirge agus Garter Lane Arts Centre & Studios, agus comhoibriú le stiúrthóirí féilte agus eagraithe imeachtaí chun fócas soiléir ar "an chomharsanacht chruthaitheach" a chur chun cinn mar bhranda.

- Tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha sa **Phlean Forbartha do Phort Láirge** mar Cheann Scríbe agus mar Eispéireas lena n-áirítear:

- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht limistéar na Ceathrún Cultúrtha a fhorbairt mar phointe lárnach d'eispéiris chultúrtha i rith an lae agus san oíche agus mar láthair chun cuairteoirí a threorú trí cheathrúna na cathrach agus iad nasctha le chéile trí bhíthin cur chuige nua ar threosuíomh cuairteoirí.

- Scrúdú a dhéanamh ar cad a bheadh ag teastáil chun moil chruthaitheacha a fhorbairt sa Cheathrú Cultúrtha lena gcuirfí deis ar fáil chun Bualadh leis na Déantóirí, agus an Cheathrú Cultúrtha a nascadh le ceardaithe faoin tuath, mar shampla na heispéiris ina ndéantar gloine agus criostal, agus dá bharr sin leas a bhaint as an oidhreacht ceardaíochta gloine sa chathair.

- An ceantar cruthaitheach uirbeach is bríomhaire agus is nuálaí a dhéanamh de Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge.

- Scrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht fhéideartha a bheadh i bhféile CCPL nó in ócáid tionscanta i gcomhar le hinstitiúidí cultúrtha agus lárionaid sa cheantar chun aird a tharraingt ar thairiscintí cultúrtha.






- Spreagadh a thabhairt go ndéanfaí féilte (nó gnéithe d'fhéilte) seanbhunaithe a lonnú sa Cheathrú Cultúrtha. Éiceachóras a cheapadh chun tacú le féilte, lena chinntiú gur féidir imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhealach sábháilte, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí árachais, sláinte agus sábháilteacht, measúnú riosca, etc.

- Comhoibriú le lárionaid chultúrtha i CCPL agus le soláthróirí fáilteachais, tacaíochtaí don Gheilleagar Oíche agus tionscnaimh na mBratach Corcra chun deiseanna ardcháilíochta "taobh amuigh d'uaireanta oifige" a chur ar fáil, lena n-áirítear siamsaíocht san oíche do theaghlaigh.

- Leas a bhaint as deiseanna arna gcur ar fáil ag forbairtí nua i bPort Láirge, lena n-áirítear na Céanna ó Thuaidh agus feabhsúchán ar an gcuid de Rian Glas na nDéise a théann isteach go Loch Garman.

- Conaire chathrach a thosú i CCPL chun cuairteoirí a threorú chuig an Triantán Lochlannach agus tairiscintí turasóireachta eile

- Oibriú le soláthróirí fáilteachais chun eispéiris áitiúla a chur chun cinn, mar shampla amharclann, na healaíona, conairí, bialanna, tithe tábhairne, margaí, miondíoltóirí, etc.

- Margadh CCPL a fhorbairt mar cheann scríbe eispéiris, agus é mar aidhm aige sin méid agus cineál na dtairiscintí cruthaitheacha agus fáilteachais a bheadh ar fáil sa mhargadh a mhéadú.

- Gealltanas a thabhairt go bhfeidhmeoidh an Cheathrú mar láthair tástála d'eispéiris nua agus nuálacha i gcur i láthair na n-ealaíon agus an chultúrtha trí thacaíocht d'fhéilte nua, triail agus tástáil a dhéanamh ó thaobh úsáid a bhaint as an ríocht phoiblí, agus tacú le pobail nua chun an cultúr a chur i láthair.

- Cumarsáid nasctha den scoth a chur ar fáil i CCPL chun cabhrú le margaíocht, brandáil agus fógraíocht, agus páirtithe leasmhara agus pobail a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí. San áireamh leis sin beidh faisnéis faoi thionscadail athghiniúna agus imeachtaí chun méadú a chur ar líon na gcustaiméirí agus ar an méid ama a chaitheann siad sa cheantar. Tabharfar tacaíocht do thionscadail maidir leis an oidhreacht chultúrtha freisin.

- Comhoibriú le soláthróirí turasóireachta, lena n-áirítear Fáilte Ireland, Visit Waterford agus Rannóg na Forbartha Eacnamaíche i CCCPL chun cathair Phort Láirge a chur chun cinn mar cheann scríbe den chéad scoth.

# CUSPÓIR 4:

## TACÚ LE HEARNÁIL CHULTÚRTHA AGUS CHRUTHAITHEACH PHORT LÁIRGE.

Ár gcruthaitheoirí: ealaíontóirí, ceardaithe, amharclannóirí, cruthaitheoirí ábhar digiteach, scannánóirí, scríbhneoirí, rinceoirí agus tuilleadh: is daoine ríthábhachtacha iad sin d'uathúlacht Phort Láirge. Cabhraíonn siad linn ár gcultúir éagsúla a thuiscint agus a chur in iúl, insíonn siad scéalta agus an fhírinne, déanann siad ceangal idir muid féin agus ár bpobal.

Tá ról ollmhór ag an gcultúr agus ag na healaíona i gcomhfhorbairt áite, i bhforbairt féiniúlachta agus chun spás a thabhairt do thriail agus tástáil agus don nuálaíocht. Tá sé mar aidhm ag CCPL tacú le cruthaitheoirí i bPort Láirge agus sa réigiún le bheith ag foghlaim, ag múineadh, ag cruthú agus ag déanamh saothair inár gcomharsanacht chruthaitheach.








# GNÍOMHARTHA:

- Tacú le timpeallacht chruthaitheach a sheasfaidh le hionracas, saoirse ó thaobh tuairimí a nochtadh, cothromas ó thaobh na rochtana, caoinfhulaingt agus inbhuanaitheacht.

- Bonneagar agus deiseanna forbartha a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do lucht na cruthaitheachta, lena n-áirítear spásanna chun saothar a chruthú agus a thaispeáint iontu.

- Cleachtas ealaíon lena mbaineann rannpháirteachas sóisialta a spreagadh (ciallaíonn cleachtas ealaíon lena mbaineann rannpháirteachas sóisialta ealaín atá comhoibríoch, le gné rannpháirteach go minic agus a mbíonn daoine mar mheán nó ábhar an tsaothair).

- A chinntiú go léirítear meas ar an oidhreacht chultúrtha agus go gcuirtear tuilleadh eolais faoi stair Phort Láirge chun cinn.

- Deiseanna maoinithe a lorg d'ealaíontóirí go bhféadfaidh siad oibriú i CCPL ar bhealach inbhuanaithe a thacaíonn leo.

- Machnamh a dhéanamh ar scéimeanna féideartha tithíochta/cóiríochta d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha laistigh de CCPL.

- Deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt leanúnach scileanna, d'oiliúint agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach i gcomhar le hOifige Ealaíon CCCPL, Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge, agus eagraíochtaí eile.

- Oibriú le comhpháirtithe, lena n-áirítear Éire Ildánach agus Oifig Ealaíon CCCPL chun tacú le lucht na cruthaitheacha foghlaim faoin digitiú agus faoi theicneolaíochtaí nua.

- Comhoibriú le hOifig Ealaíon CCCPL, SETU agus Leabharlanna Phort Láirge chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí le teacht ar mhaoiniú, comhoibriú agus deiseanna eile do lucht na cruthaitheachta.

- Timpeallacht nuálach uaillmhianach a chur chun cinn, ag féachaint d'fhoinsí náisiúnta agus AE chun maoiniú a fháil, e.g. New European Bauhaus, chun geilleagar na cruthaitheachta a chothabháil.

- A chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí CCPL bunaithe ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus dea-shampla a thabhairt san aistriú chuig todhchaí a bheidh neodrach ó thaobh carbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide.

# AGUISÍN 1

Doiciméid straitéiseacha a thacaíonn le forbairt leanúnach ar CCPL;

**Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch i gcomhair Réigiún an Deiscirt 2020-2032**

Gníomh Lárnach é Ceathrú Cultúrtha a chruthú do Phort Láirge. Aithníonn Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge (CCPL) bunaithe ar Shráid Uí Chonaill na sócmhainní cultúrtha atá ann cheana féin sa cheantar, ina measc Garter Lane Arts Centre. Trí chur chuige comhpháirtíochta, brúfaidh CCPL athghiniúint leanúnach an cheantair chun cinn trí fhorbairt chultúrtha agus úsáide measctha ar an gceathrú stairiúil seo den chathair. Imleabhar 1, Caibidil 7, lch. 329.

**Plean Forbartha Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028**
Leagtar amach sa Phlean na beartais chun Ceathrú Chultúrtha Phort Láirge a fhorbairt mar phríomhchumasóir fás an fhiontair, na nuálaíochta, na h-athbheochana, cruthú na háite agus forbairt an phobail, na sláinte agus na folláine agus na mbearta tacaíochta. Imleabhar 1, Caibidil 1, lch. 13
Leagtar amach i gCaibidil 3, Cathair Phort Láirge agus MASP:
Chun tacú le Cuspóirí Beartais 6, 19 agus 20 MASP RSES a fhéachann le feabhas a chur ar athghiniúint, beogacht, turasóireacht agus deiseanna fostaíochta straitéiseacha do Chathair Phort Láirge trí Cheathrú Chultúrtha Phort Láirge a sheachadadh, cuirfimid na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Ceantar Straitéiseach Chultúrtha Phort Láirge 2021-2025 i bhfeidhm agus tuilleadh deiseanna agus foinsí maoinithe a lorg chun tacú le hiarrachtaí comhoibríocha na bpríomhpháirtithe leasmhara agus na ngrúpaí pobail chun acmhainn chruthaitheach agus nuálaíoch na Ceathrún Cultúrtha agus na pobail ghaolmhara a fhorbairt. Imleabhar13, Caibidil 3, lch. 87.

**Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheachta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2023-2027**
Déantar tagairt i Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheachta Phort Láirge, a thacaíonn le colún na bPobal Cruthaitheach i gClár Éire Ildánach, do Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge mar rud a chuireann tacaíocht ar fáil do phobal cruthaitheach an réigiúin i bhfoirm príomhbhonneagair. Luaitear tuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, The Culture Fix (2022) ina maítear go bhféadfaidh straitéisí athghiniúna agus forbartha faoi stiúir an chultúrtha athrú ó bhonn a chur ar áiteanna. Ní hamháin go gcuireann



earnálacha cultúrtha agus cruthaitheachta buntáistí eacnamaíocha ar fáil (trí chánachas áitiúil, cruthú post, nuálaíocht agus slabhraí soláthair), agus buntáistí sóisialta (e.g. folláine níos fearr agus comhtháthú pobail) ach go gcuireann siad le 'comhfhorbairt áite' freisin trí chathracha agus réigiúin a dhéanamh níos tarraingtí mar áiteanna le cónaí agus le hoibriú iontu, agus trí infheistíocht isteach, sruth saothair isteach, ard-táirgiúlacht agus tuilleadh turasóireachta a spreagadh.

**Plean Forbartha do Phort Láirge mar Cheann Scríbe agus mar Eispéireas**

The investment in the Cultural Quarter, Beidh an infheistíocht sa Cheathrú Cultúrtha, an chomhfhorbairt áite ar fud na cathrach agus na tionscadail sa ríocht phoiblí ina bpríomh-fheabhsúcháin a mbraithfidh daoine agus am á chaitheamh acu sa chathair. Tríd an bhforbairt ar an gCeathrú Cultúrtha, cruthófar roinnt mhaith buntáistí taobh amuigh den ghné athghiniúna uirbí. Spreagfar sruth cuairteoirí nua ar fud na cathrach agus leathnófar an limistéar ina mbíonn turasóirí amach go dtí an Triantán Lochlannach agus lár na cathrach. Trí chonaire ghlas chathrach a thosú in aice leis an gCeathrú Cultúrtha, conaire a théann chuig an Triantán Lochlannach, beidh turasóirí in ann a mbealach a dhéanamh trí lár na cathrach.

**Plean Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge: I dTreo 2035**

Faoin gcuspóir Nuálaíocht a Chothú agus Tacú Léi sa Phlean Ealaíon 10 mbliana, tá gníomhartha ann lena n-áirítear clár nua Gorlann do na hEalaíona atá ag Teacht Chun Cinn agus Saotharlann Nuálaíochta Ealaíon, chomh maith le scrúdú ar chomhtháthú digiteach IS trasdisciplíneach. Féadfaidh tionscadail chaipitil arna bhforbairt i CCPL tacú leis na gníomhartha sin. www.waterfordarts.com





## I MEASC DOICIMÉID STRAITÉISEACHA EILE A THACAÍONN LE FÍS, MISEAN AGUS CUSPÓIRÍ PHLEAN STRAITÉISEACH CCPL TÁ:

- Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2024-2029
- Plean Forbartha Leabharlann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2025-2030
- Straitéis Oidhreachta Phort Láirge 2025-2030
- Plean Bainistíochta Lár Chathair Phort Láirge 2025-2027
- Plean Chomhairle Phort Láirge um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029
- Na Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheacha, Skillsnet: Dúshláin maidir le Scileanna in Earnáil na nAmharc-ealaíon, na dTaibh-ealaíon agus na nImeachtaí Cultúrtha
- Ár Straitéis - Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann

# COMHALTAÍ CHOISTE STIÚRTHA CCPL (FAOI LÁTHAIR)

An Comhairleoir Seamus Ryan; Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
An Comhairleoir Mary Roche; Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
An Comhairleoir Eamon Quinlan; Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
An Dr Sharon O'Brien; Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
Michael Grant: Comhalta Boird, Garter Lane Arts Centre
Síle Penkert: Stiúrthóir, Garter Lane Arts Centre
Conor Nolan; Oifigeach Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
Anne Nolan; Waterford Integration Services
Deirdre Dwyer; Ionadaí ar an Earnáil Chruthaitheach
Ed Cahill; Ionadaí ar an Earnáil Ghnó
Donal Nolan: Comhlachas Tráchtála Phort Láirge
Sarah Jane Hanton; Ionadaí ar an Earnáil Chruthaitheach
Katherine Collins; Bainisteoir Tionscadail Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge

**BUÍOCHAS:**
Buíochas ó chroí le gach duine a raibh baint acu le forbairt a dhéanamh ar an tionscnamh seo, Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge – an fhís atá againn do phobal daoine cruthaitheacha ag obair chun leas an phobail. Ina measc siúd tá comhaltaí Choiste Stiúrtha CCPL a thugann comhairle agus a labhraíonn ar son an tionscadail, gnólachtaí agus gníomhaireachtaí i limistéar Shráid Uí Chonaill, agus, go príomha, na daoine atá ina gcónaí, ag obair agus ag spraoi anseo, a dhéanann comharsanacht den áit seo.

Arna dhearadh ag: Cúan O Cíosóg
Grianghrafadóirí: DGM Photographic
Translator: Dara Kelly





waterford **cultural quarter**
INITIATIVE

Comhairle Cathrach
& Contae Phort Láirge
Waterford
City & County Council